



F Ó M H A R 2 0 2 2

Clár

Teachtaireacht Uachtarán CLG, Labhrás Mac Carthaigh	3
Teachtaireacht Ghráinne McElwain, Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG	4
Na Contaetha – Na Bainisteoirí Iomána	5
Ár gCluichí, Ár Laochra – Jack McCaffrey	7
Corn Liam Mhic Cárthaigh	8
10 gCeist CLG Ort	9
Cuardach Focal – Na Laochra Réiteoirí	12
Do Chlub, Do Chontae – Laochra Loch Lao	13
Tír Chonaill '92 Abú	16
Scór – An bhfuil do chlub páirteach ann?	18
Corn Shomhairle Mhig Uidhir	20
An séasúr club faoi bhláth	22
Gníomhaíochtaí Bunscoile	24
Micheál Cíosóig	25
GAAGaeilge Go Games	26
Crosfhocal	28
Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha	29
Freagraí	30



Teachtaireacht An Uachtaráin

A chairde,

Céad míle fáilte romhaibh go dtí an t-eagrán is déanaí seo de 'Cuaille', iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir thaitneamh agus thairbhe as na míreanna éagsúla atá in eagrán na ráithe seo. I measc na míreanna sin, tá gné-ailt ar nós 'Ár gCluichí, Ár gCultúr', crosshocal, tráth na gceist, 'Do Chlub, Do Chontae' podchraoltaí, míreanna club agus go leor leor eile.

Tá Craobhchomórtais na gClubanna go maith faoi lánseol faoin tráth seo agus am thar a bheith speisialta atá ann do gach duine a rinne ionadaíocht thar ceann a gcuid clubanna le roinnt míonna anuas. Tá sé fíorthábhachtach a chuimhneamh gur am an-speisialta atá ann do na réiteoirí ar fad a rinne ionadaíocht thar ceann a gcuid pobal agus clubanna, freisin. Tá ár gcuid réiteoirí chomh tábhachtach céanna do CLG agus atá ár gcuid imreoirí, cóitseálaithe, baill choiste agus duine ar bith eile a bhíonn ag feidhmiú go deonach thar ceann an Chumainn.

Tá féasta mór peile agus iomána amach romhainn sna craobhchomórtais clubanna agus am na cinniúna ag teacht do go leor foirne. Tá an-áthas orainn go bhfuil an oiread sin daoine as gach cearn den domhan ag baint taitnimh as na craobhchomórtais sin. Tá sé iontach dathanna clubanna CLG a fheiceáil amuigh ar shráideanna agus an bród a chruthaíonn na cluichí do na paróistí sin. Guím gach rath ar na clubanna ar fad atá fágtha sna craobhchomórtais. Guím gach rath, freisin, orthu siúd a bheidh san iomaíocht i mBabhtaí Ceannais na hÉireann de Scór Sinsir 2022 i gCaisleán an Bharraigh an mhí seo chugainn.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille. Tá rud éigin ann do gach duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois!

Beirigí bua ag beannacht,

Labhrás Mac Cárthaigh,
Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael

John Mac Carthaigh





A chairde,

Thar ceann Choiste Náisiúnta na Gaeilge ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh uilig chuig eagrán an fhómhair seo de ‘Cuaille’, iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir shult agus thairbhe as na rudaí éagsúla atá in eagrán na ráithe seo.

Tá go leor tar éis tarlú ó bhí an t-eagrán deireanach de Chuaille againn. I measc na rudaí éagsúla a bhí idir lámha againn bhí ‘Lá Mór na Gaeilge’ ag Cluiche Leathcheannais Peile na hÉireann idir Áth Cliath agus Ciarraí agus bhí na #GAAgaeilge Go Games ann, áit ar fháiltigh Ambasadóir Gaeilge CLG, Paul Conroy, roimh os cionn 500 páiste go Páirc an Chrócaigh. Ócáidí iontacha a bhí sna hócáidí sin agus tá súil againn gur bhain gach duine idir shult agus thaitneamh astu.

Uaidh seo go deireadh na bliana tá muid ag súil go mór le Comórtas Náisiúnta Tráth na gCeist a eagrú do chlubanna. Chomh maith leis sin, i gcomhar le Glór na nGael, tá muid ag súil le fáilte a chur roimh chlubanna as gach cearn den tír chuig ócáid bhronnta Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha i bPáirc an Chrócaigh, áit a dtabharfar aitheantas d’éachtaí clubanna éagsúla agus iad ag cur chun cinn na Gaeilge ina gcuid clubanna.

Mar dhuine a bhuaigh Craobh Scór na hÉireann le mo chlub, An Bhoth, tá mé ag súil go mór, freisin, le Babhtáí Ceannais na hÉireann de Scór Sinsir i mí na Samhna agus guím gach rath ar ár gcomhghleacaithe ar Choiste Náisiúnta Scór a bheidh ag eagrú na hócáide sin i gCaisleán an Bharraigh.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille agus na rudaí éagsúla atá againn daoibh san eagrán is déanaí seo.

Ádh mór,

Gráinne McElwain,
Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG

Craobhacha Iomána



LAIGHIN

Áth Cliath – Micheál Donoghue
An Mhí – Seoirse Bulfin
Cill Dara – David Herity
Loch Garman – Darragh Egan
Uíbh Fhailí – Johnny Kelly
Lú – Paul McCormack
Laois – Willie Maher
Cill Chainnigh – Derek Lyng
Ceatharlach – Tom Mullally
An Iarmhí – Joe Fortune
An Longfort – Adrian Moran
Cill Mhantáin – Casey O'Brien

ULAI DH

An Cabhán – Ollie Bellew
Tír Eoghain – Michael McShane
Muineachán – Arthur Hughes
Ard Mhacha – Karl McKeegan
An Dún – Ronan Sheehan
Dún na nGall – Mickey McCann
Aontroim – Darren Gleeson
Doire – Dominic McKinley agus Cormac Donnelly
Fear Manach – Joe Baldwin

CONNACHTA

Gaillimh – Henry Shefflin
Maigh Eo – le ceapadh
Ros Comáin – Francis O'Halloran
Sligeach – Pádraig Mannion
Liatroim – Olcan Conway

AN MHUMHAIN

Ciarraí – Stephen Molumphy
Corcaigh – Pat Ryan
Tiobraid Árann – Liam Cahill
An Clár – Brian Lohan
Luimneach – John Kiely
Port Láirge – Davy Fitzgerald

EILE

Londain – Kevin McMullan



Cé hé bainisteoir iomána do chontae?



CLOGAID IOMÁNA

BILEOG EOLAIS D'IMREOIRÍ AGUS DO THUISMITHEOIRÍ /
CHAOMHNÓIRÍ

AN RIAIL

Meabhraítear do gach imreoir ag gach leibhéal, i ngach cluiche iomána agus i ngach seisiún traenála de chuid na hIomána go bhfuil sé éigeantach agus go bhfuil an t-imreoir féin freagrach as clogad a chaitheamh ina bhfuil cosaint aghaidhe ann. Ní mór don chosaint aghaidhe cloí leis na caighdeáin atá leagtha síos in IS:355 nó cloí le caighdeáin eile atá leagtha síos ag an NSAI (An tÚdarás Um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann).

Meabhraítear d'imreoirí nach bhfuil siad clúdaithe faoi théarmaí Chiste Sochair um Ghorthuithe CLG i gcás ar bith go mbíonn gortú cloiginn ann, má athraítear an clogad ar bhealach ar bith ón gclogad a rinneadh an chéad lá nó muna bhfuil an clogad oiriúnach de réir na gcaighdeán cuí a bhaineann le clogaid. Nuair a cuireadh an riall i bhfeidhm ag leibhéal faoi aois, bhí laghdú 40% ar an líon drochghortuithe aghaidhe agus súl a bhí ann. Socraíodh an riall a chur i bhfeidhm ag gach leibhéal i 2010.

AN TORADH A BHÍONN AR CHLOGAID A CHAITHEAMH ATÁ ATHRAITHE NÓ NACH BHFUIL CEADAITHE

- Níl imreoirí clúdaithe faoi théarmaí Chiste Sochair um Ghorthuithe CLG maidir le gortuithe aghaidhe, súl ná cloiginn.
- Bíonn baol i bhfad níos mó ann go mbeidh gortú aghaidhe, fiacla, béil, sróine, fisitheach nó súl ag imreoir.
- D'fhéadfadh gortuithe a eascraíonn as gan clogad atá ceadaithe, nó clogad atá athraithe, a chaitheamh, a bheith fiordhainséarach. Mar shampla, fadhbanna fadéarmacha le radharc súl ar nós lagú ar radharc, baol níos mó ar chataracht, glácóma nó cailteanas iomlán ar radharc na súl.
- Má bhaintear na barraí as tosach an chlogaid, d'fhéadfadh na himill ghéara srl... comhimreoirí nó imreoirí ó fhoirne eile a ghortú.

CLOGAD ATÁ ATHRAITHE

Is ionann clogad atá athraithe agus clogad a athraíodh ar bhealach ar bith ón mbunchlogad a rinneadh an chéad lá. Chomh luath agus a athraítear clogad atá ceadaithe

(fáil réidh le barraí ag tosach an chlogaid, iad a dhéanamh níos giorra nó iad a chúbláil ar bhealach ar bith)

Níl an t-imreoir clúdaithe faoi Chiste Sochair um Ghorthuithe CLG a thuilleadh. Tá baol níos mó ann go ngortófar an t-imreoir chomh maith.

Nuair a athraítear cosaint aghaidhe, uaireanta ní bhíonn an chosaint nua oiriúnach do dheardh an chlogaid, agus d'fhéadfadh drochthimpistí aghaidhe nó drochghortú fiacla a bheith ann dá bharr.

COMHAIRLE

Moltar d'imreoirí

1. Gan ach clogad le cosaint aghaidhe a cheannach a chloíonn leis na caighdeáin a leagtar amach in IS:355
2. Gan an chosaint aghaidhe a athrú ná na barraí ar an gcosaint aghaidhe a athrú ar aon bhealach
3. An clogad a chaitheamh i gcónaí le linn d'imreoirí a bheith ag téamh suas agus le linn seisiún traenála agus cluichí
4. An clogad a sheiceáil roimh gach seisiún traenála / cluiche le déanamh cinnte go bhfuil na barraí ar an gcosaint aghaidhe daingnithe i gceart agus nach bhfuil aon damáiste déanta de a d'fhéadfadh an duine atá ag caitheamh an chlogaid, comhimreoirí nó céilí comhraic a ghortú.

Tá liosta de sholáthóirí clogad a chloíonn le caighdeáin IS:355 le fáil ag learning.gaa.ie/injuryprevention



CLOGAID IOMÁNA

BILEOG EOLAIS D'IMREOIRÍ AGUS DO THUISMITHEOIRÍ /
CHAOMHNÓIRÍ



NÁ DÉAN DEARMAD: Is é an t-imreoir atá freagrach as clogad a chaitheamh ar a bhfuil cosaint aghaidhe ann atá ceadaithe!

Le Jamie Ó Tuama



Ár gCluichí Ár Laochra

Jack McCaffrey

Tugadh dea-scéal do mhuintir CLG Átha Cliath le gairid nuair a fógraíodh go raibh Jack McCaffrey ar ais ar phainéal Dessie Farrell. Ghlac Jack páirt sa tsraith 'Ár gCluichí, Ár Laochra' thiar sa bhliain 2019. Seo mar a d'fhreagair sé ár gcuid ceisteanna.

Tá cúig bhonn uile-Éireann buaite ag Jack le hÁth Cliath. Bhuaigh sé ceithre ghradam All-Star le linn an ama sin agus an ceann deireanach mar aitheantas ar a chuid éachtaí le linn 2019.

Bhuaigh sé gradam 'Imreoir Óg na Bliana' sa bhliain 2013 agus bhuaigh sé gradam 'Imreoir na Bliana' sa bhliain 2015. Tá sé ar an ngearrliosta do 'Imreoir na Bliana' i mbliana. Níl mórán sa chluiche nach bhfuil buaite aige. Seo a leanas mar a d'fhreagair Jack ár gcuid ceisteanna nuair a cuireadh faoin spotsholas é mar chuid den tsraith seo:

Ainm:

Jack McCaffrey

Aois:

25

Slí bheatha:

Dochtúir

Club:

Cluain Tarbh

Contae:

Áth Cliath

An scannán is fearr leat?

Grand Budapest Hotel

An banna ceoil is fearr leat?

The Coronas

An áit is fearr leat?

Páirc an Chrócaigh



An bia is fearr leat?

Sceallóga agus stéig.

An chéad chuimhne CLG atá agat:

Ag imirt peile le m'athair i bPáirc Naomh Áine

An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:

Stephen O'Shaughnessy

An chéad uair ar imir tú le do chontae:

Faoi 12, an bhliain a bhuaigh muid Corn Kevin

Ahern i Naomh Olaf

An t-imreoir is fearr a d'imir leat:

Stephen Cluxton

An t-imreoir is fearr a d'imir i do aghaidh:

Michael Murphy

An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:

Cluiche Ceannais na hÉireann, 2019

Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae go dtí seo:

Corn Sam Maguire a bhuaich sa bhliain 2019



Buaicphointe do shaoil imeartha le do chlub go dtí seo:

Chuamar chomh fada le Cluiche Leathceannais Peile Átha Cliath sa bhliain 2015. Bhí mí-ádh orainn agus chailleamar in aghaidh Bhaile Buadain le pointe amháin. Tá súil agam go mbeidh muid in ann an caighdeán sin a aimsiú arís.

An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaoil imeartha go dtí seo:

M'athair

Aon chomhairle agat do imreoirí óga?

Bain taitheamh as spórt

Aon chaitheamh aimsire eile?

Ag léamh, dul go dtí an phictiúrlann agus mo scíth a ligean le mo chairde

Gluais / Glossary

Sraith – Series **Bonn** – Medal **Gradam** – Award **Aitheantas** – Recognition **Éacht** – Achievement **Gearrliosta** – Shortlist **Spotsholas** – Spotlight

Sceallóga – Chips **Stéig** – Steak **Caighdeán** – Standard **Pictiúrlann** – Cinema **Scíth a ligean** – To rest

Corn Liam Mhic Cárthaigh

Nuair a d'éirigh le Luimneach greim a fháil ar Chorn Liam Mhic Cárthaigh arís i mbliana tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Chill Chainnigh sa chluiche ceannais bhronn Uachtarán Chumann Lúthchleas an corn stairiúil seo don 102ú huair.

Breathnóidh muid siar anseo ar cérbh é Liam Mac Cárthaigh agus ar an gcaoi ar tharla sé gur i ndiaidh Mhic Cárthaigh a ainmníodh an corn agus an duais is mó a bhfuil tóir air i saol na hiomána.

Rugadh Liam Mac Cárthaigh i Londain Shasana sa bhliain 1853. B'as Baile Garbháin i gContae Chorcaí a thuismitheoirí, agus tugtar Páirc Liam Mhic Cárthaigh ar pháirc imeartha Bhaile Garbháin mar aitheantas ar áit dhúchais mhuintir Mhic Cárthaigh. D'fhás sé aníos i gceantar mór Éireannach i Southwark áit ar sheas na daoine go dlúth lena chéile agus ba í an Ghaeilge a bhí mar theanga tí aige. Bhíodh an iomáint á himirt aige mar chaitheamh aimsire lena chairde i Londain agus bhí grá mór aige do na cluichí Gaelacha, agus an iomáint ach go háirithe, ar feadh a shaoil.

Bhí sé báite i gcúrsaí CLG i Londain agus chaith sé go leor dá chuid ama ag plé leis na cluichí. Dar ndóigh, toghadh é ina Chathaoirleach ar Bhord Contae London agus d'fhan sé sa ról sin ar feadh deich mbliana. Tráthúil go leor chaith leithéidí Micheál Ó Coileáin agus Somhairle Mag Uidhir, ar ainmníodh Corn Shomhairle Mhig Uidhir ina dhiaidh, seal ar Bhord Contae London in éineacht leis le linn na mblianta sin.

Shocraigh Liam, i gcomhar le beirt mhac dá chuid, ar chorn a dheardh a bhí cosúil le soitheach ársa ólacháin a bhíodh in úsáid ag na ceiltigh fadó. Nuair a bhí an corn réidh, bronnadh ar Ard-Chomhairle Chumann Lúthchleas Gael é agus glacadh leis go fonnmhar. Is é an corn seo a bhronntar ar bhuaiteoirí Chraobhchomórtas Sinsir Iomána na hÉireann gach bliain – Corn Liam Mhic Cárthaigh! Cailleadh Liam sa bhliain 1928.

Bronnadh Corn Liam Mhic Cárthaigh don chéad uair ar bhuaiteoirí na bliana 1921, Luimneach, sa bhliain 1923. Ba de bharr cúrsaí polaitiúla sa tír nár bronnadh go dtí an bhliain sin é. Tráthúil go leor ba iad Luimneach an fhoireann dheireanach leis an gcorn a bhuaich, freisin, tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Chorcaigh i gCluiche Ceannais na hÉireann anuraidh. Corn an Great Southern a bronnadh ar bhuaiteoirí Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann roimhe sin.

Tá an corn buaite ag Cill Chainnigh níos minicí ná aon chontae eile – 29 uair san iomlán – agus deich gcontae éagsúla atá tar éis an corn a bhuaich ó bronnadh é don chéad uair ar bhuaiteoirí na bliana 1921. Tá Corn Liam Mhic Cárthaigh buaite ag Luimneach ocht n-uaire, Gaillimh cúig huair agus an Clár trí huair. Is iad Corcaigh (23 uair), Tiobraid Árann (19 uair), Loch Garman cúig huair, Uíbh Fhailí ceithre huair, Áth Cliath trí huair agus Port Láirge faoi dhó na contaetha eile a bhuaigh an corn stairiúil seo. Ní rud éasca é Corn Liam Mhic Cárthaigh a bhuaich!

De bharr an stair shaibhir agus an stádas faoi leith a bhaineann le Corn Liam Mhig Uidhir bíonn páistí óga a imríonn an iomáint ó cheann ceann na tíre ag brionglóideach faoi chéimeanna Ardán Uí Ógáin a dhreapadh agus an corn a ardú thar ceann a gcontae, a bpobal agus a muintire. Dar ndóigh, gach bliain tógtar na mílte grianghraf de lucht CLG leis an gcorn agus is

nós fadbhunaithe é don fhoireann bhuacach an corn a thabhairt ar camchuart chuig scoileanna agus chuig clubanna uile an chontae.





10 X Ceist #GAAGaeilge Oraibh!

Ná bígí ag googláil!

1. Cén t-ainm atá ar pháirc bhaile Liatroma?
2. Cá mhéad Craobh Sinsir Peile Uile-Éireann atá buaite ag Ard Mhacha?
3. Cé a bhuaigh Craobh Sinsir Iomána na hÉireann sa bhliain 1901?
4. Cé leis a n-imríonn Kevin Maguire peil?
5. Cé a bhuaigh Craobh Sinsir Iomána na Mumhan sa bhliain 1995?
6. Cé hiad curaidh reatha peile Chonnacht?
7. Cén contae ina n-imríonn Craobh Chiaráin?
8. Cé a bhí ina Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael roimh Sheán Mac Thaidhg?
9. Cén contae lena n-imríonn Jack Fagan iomáint?
10. Cé hiad curaidh reatha iomána Laighean?

FREAGRAÍ





Colm Lyons, David Coldrick, Uachtarán Labhrás Mac Cárthaigh, Thomas Gleeson agus Seán Hurson ag seoladh 'meas do na réiteoirí' i bPáirc an Chrócaigh le gairid

Cuardach Focal

Aimsigh na laochra réiteoirí seo a leanas:

Ciarán Branigan (An Dún)

Fergal Horgan (Tiobraid Árann)

Seán Hurson (Tír Eoghain)

David Gough (An Mhí)

Colm Lyons (Corcaigh)

Joe McQuillan (An Cabhán)


James Owens (Loch Garman)

Conor Lane (Corcaigh)

David Coldrick (An Mhí)

Maurice Deegan (Laois)

Seán Stack (Áth Cliath)



Le Jamie Ó Tuama

Do Chlub, Do Chontae Laochra Loch Lao

Bunaithe: 2006 mar chomhchumann agus 2017 mar chlub scartha, neamhspleách

Dathanna: Dubh agus Ómra

Líon Ball: 350

Ógchumann: Foirne f6, f8, f10 agus f12

Foirne daoine fásta: Dhá fhoireann shinsir agus foireann na mban

Na rudaí is mó atá bainte amach ag an gCumann:

Comórtas Seachtar an Taobh Chonradh na Gaeilge, 2019, Craobh Shóisir B Peile na mBan in Aontroim

Laochra móra an chlub: Lucht a bhunaithe agus d'imir roinnt imreoirí móra idirchontae de chuid Aontroma leis an gcomhchumann ag Comórtas Peile na Gaeltachta thar na blianta, ina n-áirítear iománaí Aontroma Niall Mac Cionnaith agus peileadóirí Aontroma, Pádraig Ó Cuinneagáin, Déaglán Ó Loinsigh agus Pádraig Mac Giolla Bhríde.

Níl aon tinteán mar do thinteán féin. Do Chlub, Do Chontae, Do Ghaeilge!



Cailíní Laochra Loch Lao a ghlac páirt sna GA Gaeilge Go Games i bPáirc an Chrócaigh le gairid agus iad in éineacht le Paul Conroy, Ambasadóir Gaeilge CLG

Suite ar Bhóthar na bhFál in Iarthar Bhéal Feirste tá Laochra Loch Lao ar an bhfód mar chomhchumann ó 2006 i leith. Ba mar chomhchumann a bunaíodh iad an chéad lá le go bhféadfadh siad páirt a ghlacadh i gComórtas Peile na Gaeltachta.

Sa bhliain 2017, áfach, seoladh CLG Laochra Loch Lao mar chumann scartha neamhspleách agus bhí tús curtha le ré nua do lucht na Gaeilge agus do lucht na peile Gaelaí i gcontae Aontroma agus níos faide i gcéin. Tá an Ghaeilge ag croílár gach rud a dhéanann an club ar an bpáirc, agus ar shiúl ón bpáirc, ó shin i leith. Faoi mar a mhínigh rúnaí an chlub, Seán Ó hEacháin: “Maidir le tábhacht na Gaeilge sa chlub, tá an Ghaeilge lárnach in achan uile rud a dhéanann muid agus sin an rud a thugann chuig an chumann cuid mhór againn.

Tá cúlra i gCumann Lúthchleas Gael ag go leor againn le cumainn eile agus mhothaigh muid go raibh rud inteacht speisialta ag baint leis an togra seo, Laochra Loch Lao, agus go dtabharfadh sé sin seans dúinn gné eile dar saoil a chaitheamh trí Ghaeilge.

“Bhí daoine a tháinig go Béal Feirste as baile amach”, a deir Seán, “daoine eile atá ag obair anseo agus mic léinn. Tagann siad chugainn mar gheall ar an Ghaeilge. Meallann an Ghaeilge baill eile as contaetha agus as bailte eile nuair a thagann siad go Béal Feirste – rud atá iontach!

“B’fhéidir go mbeadh na daoine sin, mara mbeadh na Laochra ann, ag imirt le cumainn eile i mBéal Feirste nach bhfuil an Ghaeilge cineál chomh tábhachtach nó

chomh lárnach iontu. Mar sin, coinníonn an Ghaeilge na Gaeil le chéile agus tugann sé deis dúinn í a chleachtadh.

“Rud eile, fosta, ná go dtugann an Cumann deis do dhaoine óga agus dúinne ar fad normálú a dhéanamh ar an teanga. Déanann sé rud normálta den teanga. Ní rud scoile í an Ghaeilge a labhrann tú ar scoil amháin. Tá an Ghaeilge mar mhodh cumarsáide, mar mhodh saoil. Is féidir leat do shaol a chaitheamh trí Ghaeilge agus tugann Laochra Loch Lao an normálú sin do na daoine óga.”

Maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an gclub sa cheantar, tá Ó hEacháin den tuairim go bhfuil an club ag soláthar deiseanna ar leith don phobal agus na cluichí agus an Ghaeilge fite fuaite ina chéile go nádúrtha.

“Is é an tábhacht a bhaineann leis an chlub do na baill agus don cheantar seo ná gur muidne an t-aon Chumann lán-Ghaeilge i mBéal Feirste”, arsa Ó hEacháin. “Is rud ar leith é sin. Tugann sé deis do na baill agus do na himreoirí a bheith ag meascadh go sóisialta trí mheán na Gaeilge.

“Tugann Laochra Loch Lao deis do dhaoine a bheith aclaí agus a bheith ag imirt spóirt agus a bheith ag traenáil is ach an rud trí mheán na Gaeilge. Ta muid lonnaithe sa Cheathrú Gaeltachta anseo i mBéal Feirste, cóngarach don Chultúrlann, cóngarach do bhunscoltachta, do Ghaelscoil na bhFál.

Seaimpiní Chraobh Shóisir B Peile na mBan in Aontroim 2022, Laochra Loch Lao



“Tá Coláiste Feirste ar an Ghaelcholáiste is mó sa tír agus tá sé mar chineál lárionaid againn anseo. Bhí cuid mhór dár mbaill ar scoil ann. Ní thiocfadh leat áit ní ba fhóirsteanaí a fháil dúinn i mBéal Feirste ná an áit ina bhfuil muid.”

Cé gur club nua iad Laochra Loch Lao tá 350 ball acu cheana féin. Tá foirne f6, f8, f10 agus f12 á gcur chun páirce acu agus tá dhá fhoireann ag na fir agus foireann amháin ag na mná. Labhair Seán linn faoin dul chun cinn a bhí déanta ag na Laochra ar an bpáirc imeartha.

“Is dóigh liom gurb é an rud is mó atá bainte againn ar an pháirc imeartha ná nuair a bhain na mná Comórtas Seachtar an Taobh Chonradh na Gaeilge anuraidh. Bhí cúpla bua iontach acu insa chraobh anuraidh fosta.

“Tá foireann na bhfear ag gabháil leo ó bhliain go bliain agus ag iarraidh forbairt i rith an ama agus, dar ndóigh, tá na foirne faoi aois ag gabháil go hiontach, fosta. An rud is mó atá bainte amach againn gur bhunaigh muid an cumann mar chumann scartha i 2017 agus go bhfuil muid ag gabháil ó neart go neart ó shin.

“Tá muid ag mealladh páistí, Gaeil óga, as na bunscoltachta agus as an cheantar thart orainn le theacht chun páirce lá i ndiaidh lae, oíche i ndiaidh oíche, le peil Ghaelach a imirt agus le bheith sóisialta trí mheán na Gaeilge.

“Is dóigh liom, fosta, go bhfuil muid muiníneach go mbeidh buanna móra agus go mbainfidh muid rudaí móra amach sa todhchaí ach tuigeann muid fosta gur próiseas giota beag níos faide ná sin é agus nach dtarlóidh sé thar oíche.”



DUAISEANNA

1. Carr nua de chuid Dacia Duster

2. Duais airgid €2,000

3. Pacáiste Chluichí Ceannais Peile agus Iomána na hÉireann 2023

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluichí Ceannais Iomána agus Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh don dá dheireadh seachtaine ina n-áirítear dinnéar do bheirt.

4. Pacáiste Chluichí Ceannais Peile agus Iomána na hÉireann 2023

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluichí Ceannais Iomána agus Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh don dá dheireadh seachtaine ina n-áirítear dinnéar do bheirt.

5. Pacáiste Chluiche Ceannais Peile na hÉireann 2023

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

6. Pacáiste Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann 2023

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

7. Pacáiste Chluiche Ceannais Peile na hÉireann 2023

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

8. Pacáiste Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann 2023

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

9. Pacáiste Chluiche Ceannais Peile na hÉireann 2023

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Peile na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

10. Pacáiste Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann 2023

San áireamh sa phacáiste seo do bheirt tá dhá thicéad préimhe do Chluiche Ceannais Iomána na hÉireann chomh maith le lóistín do bheirt in Óstán Pháirc an Chrócaigh le haghaidh dhá oíche (Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ina n-áirítear dinnéar do bheirt ar an Satharn.

Tacaigh le do chlub áitiúil



TICÉID
€10

Uasmhéid de 2,500 ticéad ag gach club

Deis ag do chlub €25,000 a bhailiú

Beidh an Crannchur ar siúl ar 15 Márta 2023

Tuilleadh eolais chomh maith le téarmaí agus coinníollacha:

www.gaa.ie/nationalclubdraw

TICÉID AR FÁIL Ó:



DUAISEANNA

DACIA



Laochra Dhún na nGall 1992

“Glas agus Órga linn, Brat agus meirgí linn, Misneach agus mórgacht, Ag coipeadh inár gcroí...”

*Thógamar Sam linn, Trásna na hÉirne linn, Faoi cheannas Molloy linn, Tír Chonaill Abú!”
(Na Casaidigh)*

Ba le Dún na nGall an bhliain 1992. Ba iad Áth Cliath a bhí mar rogha na coitiantachta le haghaidh Chorn Shomhairle Mhig Uidhir agus dar le go leor ní raibh le déanamh acu ach teacht go Páirc an Chrócaigh le haghaidh an bhronnta! Níor tugadh seans ar bith do na hUltaigh.

B’in í an script a bhí ag go leor ach ní shin an script a bhí ag foireann Brian McEniff. Ní mar sin a thit rudaí amach agus beidh cuimhne ag muintir Dhún na nGall ar an lá áirithe sin go deo.

Thosaigh Áth Cliath láidir agus tar éis cúig nóiméad, nó mar sin, bhí siad gaibhte dhá chúilín chun tosaigh

a bhuíochas do scóranna ó Charlie Redmond (cic saor) agus Mick Galvin. Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin d’éirigh le Martin McHugh céad scór Dhún na nGall a fháil nuair a tháinig an liathróid ar ais chuige tar éis dá dheartháir, James, an trasnán a bhualadh.

Nuair a d’éirigh le Vinnie Murphy an chéad scór eile a fháil, bhí Áth Cliath chun tosaigh ar scór 0-03 go dtí 0-01 agus bhí gach rud ag gabháil de réir an phlean d’fhoireann Paddy Cullen. Nóiméad ina dhiaidh sin bhí cic éirice acu. Chinn an réiteoir Tommy Sugrue gur bhrúigh Noel Hegarty Dessie Farrell. Sheas Charlie Redmond suas leis an gcic a thógáil ach chuir se ar dheis agus ar fóraoil é.

Go gairid ina dhiaidh sin, áfach, d’aimsigh James McHugh an dara cúilín do na hUltaigh. D’aimsigh Jack Sheesdy cúilín agus d’aimsigh Declan Bonner ceann do Dhún na nGall ó chic saor. Ansin, fuair Manus Boyle cúilín eile d’fhoireann Brian McEniff agus fuair Sheedy ceann eile d’Áth Cliath. Bhí na foirne gob ar ghob ar chlár na scór agus gan eatarthu ach an t-aon chúilín amháin. Bhí Áth Cliath chun tosaigh ar scór 0-05 go dtí 0-04.

Bhí John O’Leary ag streachailt leis na ciceanna amach agus thosaigh Dún na nGall ag fáil an lámh in uachtar ar Áth Cliath ina dhiaidh sin. D’éirigh leo an chéad cheithre scór eile a fháil ó McHugh, Bonner, Manus Boyle agus ó Tony Boyle. Bhí bearna de thrí chúilín idir na foirne agus bhí Dún na nGall ag imirt go maith.



Ní raibh port fhoireann Paddy Cullen seinnte, áfach, agus fuair siad an chéad scór eile ó chos Dessie Farrell. D’aimsigh Manus Boyle cic saor do Dhún na nGall ina dhiaidh sin ach rinne Redmond amhlaidh d’Áth Cliath nóiméad níos déanaí. D’aimsigh Martin McHugh scór deiridh na leithe do Dhún na nGall.

Scór leathama: Dún na nGall 0-10 Áth Cliath 0-07.

Cé go bhfuair Galvin an chéad scór den dara leath d’Áth Cliath d’aimsigh Manus Boyle trí chic saor i ndiaidh a chéile do Dhún na nGall. Bhí an lámh in uachtar ag na hUltaigh agus bhí muintir na príomhchathrach i dtrioblóid.

D’aimsigh Niall Guiden an chéad scór eile d’Áth Cliath ach d’aimsigh Declan Bonner cic saor agus fuair Manus Boyle cúilín ón imirt. Bhí na Conallaigh chun tosaigh ar scór 0-15 go dtí 0-09 agus gan ach fágtha sa chluiche ach deich nóiméad.

Nuair a d’aimsigh foireann Átha Cliath na chéad trí scór eile ó Paul Clarke, Vinnie Murphy agus ó Éamon Heery ní raibh ach bearna trí chúilín eatarthu ach chríochnaigh Dún na nGall láidir le scóranna ó Manus Boyle agus ó Bonner. Ba iad Paul Clarke agus Charlie Redmond a fuair na scóranna eile sin d’Áth Cliath.

Bhí ríméad ar imreoirí Dhún na nGall. Níor tugadh mórán de sheans dóibh ach rinne siad an beart. Bhí an ceann is fearr faighte ag Dáithí ar Gholaith. Bhí an bua ag Dún na nGall ar Áth Cliath agus caibidil nua i scríofa



stair Chumann Lúthchleas Gael. Bhí Sam ag gabháil chuig Gleanntáin Ghlasa Dhún na nGall don chéad uair riamh. Ní dhéanfaidh muintir an chontae dearmad go deo ar 20 Meán Fómhair, 1992, agus ar laochra Brian McEniff.

NA FOIRNE

Dún na nGall: G. Walsh, B. McGowan, M. Gallagher, N. Hegarty, D. Reid, M. Gavigan, J.J. Doherty, A. Molloy (c), B.

Murray, J. McHugh, M. McHugh, J. McMullan, D. Bonner, T. Boyle, M. Boyle
Ionadaithe: B. Cunningham do B. Murray

Áth Cliath: J. O’Leary, M. Deegan, G. Hargan, T. Carr (c), P. Carr, K. Barr, E. Heery, P. Clarke, D. Foran, C. Redmond, J. Sheedy, N. Guiden, D. Farrell, V. Murphy, M. Galvin
Ionadaithe: P. Bealin do D. Foran

Scór – An bhfuil do chlub páirteach ann?

Gluais / Glossary

caithimh aimsire – pastimes **bunchloch** – foundation stone
aithriseoireacht – recitation **ceiliúradh** – celebration **daoine fásta**
– adults **cé** – although **líon áirithe** – certain amount **tuilleadh** –
more **eagrófar** – will be organised **a aimsiú** – to find **ionadaíocht**
– representation **spreag** – to encourage **iontrálacha** – entries
dátheangach – bilingual **taifeadadh** – recording **gá** – necessity

Bunaíodh Scór sa bhliain 1969 le caithimh aimsire agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn – aidhm atá mar bhunchloch ag Cumann Lúthchleas Gael. Bíonn ocht gcomórtas ar fad ag Scór gach bliain – Rince Foirne, Amhránaíocht Aonair, Aithriseoireacht/ Scéalaíocht, Bailéad-Ghrúpa, Nuachleas, Ceol Uirlise agus Tráth na gCeisteanna. Déantar ceiliúradh ar amhránaíocht, ceol, damhsa, scéalaíocht agus ar dhrámaíocht na hÉireann ag na comórtais seo de chuid Scór.

Bíonn comórtais ag trí leibhéal éagsúla de chuid Scór gach bliain. Scór na bPáistí do lucht bunscoile, Scór na nÓg do dhaoine faoi 17 agus Scór Sinsir do dhaoine fásta, nó daoine os cionn 17, cé go mbíonn cead ag líon áirithe daoine faoi 17 páirt a ghlacadh sna comórtais damhsa ag Scór Sinsir. Foghlaim tuilleadh faoi seo ar shuíomh idirlín Chumann Lúthchleas Gael.

Má ta suim agat páirt a ghlacadh i Scór cuir do chlub ar an eolas agus eagrófar babhtaí sa chlub le daoine a aimsiú le gabháil ar aghaidh le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann an chlub ag leibhéal an chontae. Téann buaiteoirí an chontae ar aghaidh ina dhiaidh sin le hionadaíocht a dhéanamh ar an gcontae ag leibhéal an chúige agus uaidh sin go Babhtaí Ceannais na Éireann thar ceann an chúige. Díreach ar nós aon chomórtas eile de chuid Chumann Lúthchleas Gael.

Spreagtar clubanna le hiontrálacha a dhéanamh i nGaeilge, i mBéarla nó go dátheangach sna comórtais ‘Amhránaíocht Aonair’, ‘Aithriseoireacht/Scéalaíocht’, ‘Bailéad-Ghrúpa’ agus ‘Nuachleas’, dar ndóigh!

Déanann TG4 taifeadadh beo ar Bhabhtaí Ceannais Scór gach bliain agus is féidir breathnú siar ar Bhabhtaí Ceannais Scór na nÓg 2018, a bhí ar siúl san Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, anseo: <https://www.youtube.com/watch?v=w--ODrTWMWY&t=2136s>

Is gá a bheith i do bhall de chuid Chumann Lúthchleas Gael le páirt a ghlacadh i Scór. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi na comórtais uilig anseo: <https://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor>

GAA Ag Dul i nGleic le Bulaíocht

GAA

Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.

Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar shárúithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.

Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.

CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiniócha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoinne agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/litreacha/gráifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasán nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, físeáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó má's gá, déileáil leo.

Ba cheart d'imreoirí, cõiteálaithe agus Clubanna CLG:

- ✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
- ✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti
- ✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint'
- ✓ Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbhulaíochta
- ✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ar gcluichí. Ar rogha.

Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanaí i ngach Club 'éiteas Frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gclóinn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.

DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin:

- DÍRITHE** An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?
- FAD HAN** bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?
- MINICÍOCHT** Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?
- CUSPÓIR** An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?

Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG

TIG LE BULAÍOCHT TARLÚ

Ó Dhuine Óg go Duine Óg
Dhuine Óg go Duine Fásta
Dhuine Fásta go Duine Óg



Corn Shomhairle Mhig Uidhir – Cérbh é Somhairle Mag Uidhir

Nuair a d'ardaigh Seán O'Shea Corn Shomhairle Mhig Uidhir i mbliana ba é an 94ú huair do chaptean buacach an corn mór le rá seo a ardú tar éis Chluiche Ceannais Peile na hÉireann a bhuachan.

Breathnóidh muid anseo ar cérbh é Somhairle Mag Uidhir agus ar stair an choirn cháiliúil seo.

Rugadh Somhairle Mag Uidhir sna Mealla Breaca gar do Dhún Mánmhaí in iarthar Chorcaí thiar sa bhliain 1877. D'fhreastail sé ar an modhscoil i nDún Mánmhaí agus dhírigh sé go dúthrachtach ar a chuid staidéir le linn a chuid scolaíochta. Nuair a bhí sé go luath sna fichidí chuaigh sé anonn go Londain Shasana, áit ar chaith sé an chuid is mó dá shaol oibre ag obair sa státseirbhís.

Le linn dó a bheith a Londain, chaith sé go leor dá chuid ama ag plé le cúrsaí Chumann Lúthchleas Gael. Bhí sé ina chaptean ar Londain na nIbeirneach agus, sa

bhliain 1907, toghadh é ina Chathaoirleach ar Bhord Contae London. Is iomaí uair a bhí sé ina thoscaire de chuid CLG London ag Comhdhálacha Bliantúla de chuid Chumann Lúthchleas Gael. Níos faide anonn ceapadh Mag Uidhir ina iontaobhaí ar Pháirc an Chrócaigh.

B'éigean do Shomhairle filleadh ar Éirinn, áit ar thug sé aghaidh ar Áth Cliath sa bhliain 1923, nuair a cuireadh

in iúl dó go raibh fiosrú ar bun ag Scotland Yard ina leith maidir le cúrsaí poblachtánacha i Sasana. D'fhill sé ar a chontae dúchais, Corcaigh, go gairid ina dhiaidh sin agus cailleadh é le heitinn agus gan é ach 49 bliain d'aois, sa bhliain 1927.

Dearadh Corn Shomhairle Mhig Uidhir go ríghairid i ndiaidh a bháis, sa bhliain 1928, agus bronnadh an corn nua ar Chumann Lúthchleas Gael mar aitheantas



Mike agus Liam Hassett ag tabhairt Chorn Shomhairle Mhig Uidhir chun páirce i mbliana roimh Chluiche Ceannais na hÉireann idir Ciarraí agus Gaillimh

ar a chuid oibre ar son an Chumainn. Tá Corn Shomhairle Mhig Uidhir á bhronnadh ar bhuaiteoirí Chraobhchomórtas Sinsir Peile na hÉireann ó shin i leith.

Ba iad Cill Dara an chéad chontae leis an gcorn stairiúil seo, Corn Shomhairle Mhig Uidhir, a bhuaich. Tá an corn buaite ag Carraí níos minicí ná aon chontae eile – 30 uair san iomlán – agus 16 contae éagsúla atá tar éis an corn a bhuaich ó bhronnadh é don chéad uair ar Chill Dara sa bhliain 1928.

Ba iad na conteatha eile ar éirigh leo greim a fháil ar Chorn Shomhairle Mhig Uidhir ná Áth Cliath (16 uair), Gaillimh (8 uair), An Mhí (7), Corcaigh (5 uair), An Cabhán (5 uair), An Dún (5 uair), Tír Eoghain (4 uair), Maigh Eo (3 uair), Uíbh Fhailí (3 uair), Ros Comáin (2 uair), Dún na nGall (2 uair), Ard Mhacha (uair amháin), Lú (uair amháin), Doire (uair amháin) agus Cill Dara (uair amháin).

Sa bhliain 1947 imríodh Cluiche Ceannais Peile na hÉireann sna Polo Grounds i Nua-Eabhrac nuair a d'ardaigh John Joe O'Reilly an corn tar éis do



Seán O'Shea ag ardú Chorn Shomhairle Mhig Uidhir thar ceann fhoireann Chiarraí

pheileadóirí an Chabháin an ceann is fearr a fháil ar Chiarraí.

De bharr an stair shaibhir agus an stádas faoi leith a bhaineann le Corn Shomhairle Mhig Uidhir bíonn páistí óga a imríonn an pheil ó cheann ceann na tíre

ag brionglóideach faoi chéimeanna Ardán Uí Ógáin a dhreapadh agus an corn a ardú thar ceann a gcontae, a bpobal agus a muintire. Dar ndóigh, gach bliain tógtar na mílte grianghraf de lucht CLG leis an gcorn agus is nós fadbhunaithe é don fhoireann bhuacach an corn a thabhairt ar camchuart chuig scoileanna an chontae.



Thaitin an Ghaeilge go mór liom nuair a bhí mé ar scoil, agus tá sé iontach tábhachtach dom go ndéanaim mo sheacht ndícheall í a úsáid chomh minic agus is féidir. I make an effort to use the Irish I learned at school as much as I can.

Niall Donnelly, An Dún

An séasúr club faoi bhláth

Tímpeall na tíre tá scéalta iontacha ann gach deireadh seachtaine. Níl aon easpa drámaíochta ann. Cinnte tá rudaí difriúil ach le cúpla mí anuas tá naisc athchruthaithe ag cumainn leis na pobail áitiúla acu. Tóg Cumann Barra Naofa Cois Laoi mar shampla.

An méid atá déanta acu i mbliana sa bpeil agus san iomáint – tá sé díreach cosúil leis na seanlaethanta. Le fada an lá bhí siad i bhfad ó Pháirc Uí Chaoimh san iomáint ach anois tá Craobh Chorcaí buaite arís acu.

Tá an tradisiún acu ach tá misneach acu, freisin. D'imir Ger Cunningham leo ar feadh na mblianta, bhí sé pairteach le foirne eile ar an staid idirchondae. Le cúpla bliain anuas bhí Cumann Barra Naofa ag feabhsú ach tháinig chuile shórt le chéile dóibh i 2022. Imreoirí óga tagtha ar an bhfód agus iad ag smaoineamh ar laethantaí glórmhara.

B'fhéidir gurb shin é an rud is deise faoin gcóras atá againn anois. Tá seans ceart ag foirne gach imreoir atá acu a bheith acu ar feadh tréimhse. Cluichí móra ag teacht go tiubh tapáí agus dúshlán eile a chaifear deighléail leis.

Breathnaigh céard atá déanta ag Éire Óg in Inis nó i Maigh Cuilinn na Gaillimhe. Cluichí tábhachta sa bpeil agus san iomáint beagnach gach Satharn nó Domhnach. Léiríonn sé an ról lárnach atá ag cúrsaí spóirt i saol na ndaoine agus an tairbhe a bhaineann pobail éagsúla as.

I mbegnach gach ceantar sa tír tá díospóireachtaí faoi na cluichí agus na himpleachtaí. Tá foirne ag iarraidh corn a ardú, foirne eile díreach ag iarraidh áit a chosaint i ngrád éigin. Cibé cén spreagadh atá acu, tá

sé tábhachtach dóibh.

Ar an talamh tá gach duine ag brionglóideach freisin, ag oibriú go cruath leis an gcéad ghluin eile. Ag gach cumann sa tír tá Acadamh le páistí óga ag traenáil go rialta. Tá sluaite móra ag freastal ar chluichí craibhe agus is iontach an rud é a fheiceáil. Sna laethantaí amach romhainn tá seans na tinrimh sin a mhéadú, tá obair chruithaitheach á cur isteach.

Tá Áit Dúinn Uilig Ann.



Captaen Chumann Barra Naofa, Billy Hennessy, ag ardú an choirn tar éis dá chlub Craobh Iomána Chorcaí a bhuaich



Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht



Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair |
Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa
Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

Tuilleadh eolais:
www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor

Bia Folláin

Cuir ciorcal timpeall ar an mbia / deoch is folláine!

1. Cóla, Uisce, Líomanáid
2. Meacan Dearg / Cairéad, Sceallóga, Milseáin
3. Burgar, Pasta, Brioscaí
4. Seacláid, Ispíní, Úll
5. Ubh Chásca, Ubh Fhriochta, Ubh Bhruite / Bheirithe
6. Brioscán, Leite / Brachán, Uachar Reoite



Labhraím Gaeilge gach lá nó is múinteoir bunscoile mé. Caithfimid an Ghaeilge a chur chun cinn agus a chothú. Gaelic football is an important part of Irish culture, as is speaking our native language. Tír gan teanga, tír gan anam.

Pádraig Faulkner, An Cabhán

Oidhreacht Mhichil Cíosóg fós le brath 175 bliain tar éis a bhreithe

Tímpéall na tíre tá scéalta iontacha ann gach deireadh seachtaine. Níl aon easpa drámaíochta ann. Cinnte tá rudaí difriúil ach le cúpla mí anuas tá naisc athchruthaithe ag cumainn leis na pobail áitiúla acu.

Tóg Cumann Barra Naofa Cois Laoi mar shampla. An méid atá déanta acu i mbliana sa bpeil agus san iomáint – tá sé díreach cosúil leis na seanlaethanta. Le fada an lá bhí siad i bhfad ó Pháirc Uí Chaoimh san iomáint ach anois tá Craobh Chorcaí buaite arís acu. Tá an tradisiún acu ach tá misneach acu, freisin. D’imir Ger Cunningham leo ar feadh na mblianta, bhí sé páirteach le foirne eile ar an staid idirchondae. Le cúpla bliain anuas bhí Cumann Barra Naofa ag feabhsú ach tháinig chuile shórt le chéile dóibh i 2022. Imreoirí óga tagtha ar an bhfód agus iad ag smaoineamh ar laethantaí glórmhara.

B’fhéidir gurb shin é an rud is deise faoin gcóras atá againn anois. Tá seans ceart ag foirne gach imreoir atá acu a bheith acu ar feadh tréimhse. Cluichí móra ag teacht go tiubh tapaí agus dúshlán eile a chafear deighléail leis.

Breathnaigh céard atá déanta ag Éire Óg in Inis nó

i Maigh Cuilinn na Gaillimhe. Cluichí tábhachta sa bpeil agus san iomáint beagnach gach Satharn nó Domhnach. Léiríonn sé an ról lárnach atá ag cúrsaí spóirt i saol na ndaoine agus an tairbhe a bhaineann pobail éagsúla as.

I mbeagnach gach ceantar sa tír tá díospóireachtaí



Uachtarán CLG, Labhrás Mac Cárthaigh, agus bláthfhleasc á leagan aige ag uaigh Mhichil Cíosóg i gcomhlúadar an Mhoinsíneora, Eoin Thynne, i Reilig Ghlas Naíon le gairid

GAAgaeilge Go Games i bPáirc an Chrócaigh

Bhí na GAAgaeilge Go Games ar siúl i bPáirc an Chrócaigh ar an Luan 22 Lúnasa, 2022, nuair a ghlac os cionn 500 páiste óg ó chlubanna sna seacht gcontae Ghaeltachta, ó Ghaelscoileanna agus ó mhórchéantair Ghaeilge páirt i mbliotsanna faoi 12.

Ina gcomhlúadar ar an lá, bhí Ambasadóir Gaeilge CLG, Paul Conroy agus é i measc an lucht féachana ag breathnú ar na gasúir óga ag fíorú a gcuid brionglóidí trí bheith ag imirt i bPáirc an Chrócaigh.

Bhí Carna-Caiseal, Ros Muc, Naomh Anna-Leitir Móir, An Cheathrú Rua, Micheál Breathnach, An Spidéal agus Naomh Séamus ann as Gaillimh. Bhí Gaoth Dobhair agus Laochra Loch Lao ann as cúige Uladh.

Bhí Scoil Uí Ghramhnaigh, Scoil Santain, Cumann an Chloightí, Cluain Dolcáin agus Na Gaeil Óga ann as cúige Laighean agus bhí An Ghaeltacht (Port Láirge), Cumann Caide na Gaeltachta (Corca Dhuibhne), Lios Póil, Naomh Abán, Béal Átha an Ghaorthaidh agus Gaelscoil Chluain Meala ann as cúige Mumhan.

Beidh na GAAgaeilge Go Games á n-eagrú arís amach anseo agus táthar ag súil le cuireadh a thabhairt do pháistí eile as ceantair eile Ghaeltachta agus as Gaelscoileanna eile.

Seo físeán a rinneadh den lá: <https://twitter.com/i/status/1568894194931884032>



Bhí an Gaeilge lárnach i mo shaol ó aois an-óg. Úsáidim Gaeilge go rialta nuair a bhím ag labhairt le mo chlann agus le mo chairde. Caithim an fáinne le bród.

Niall Ó Muineacháin, Cill Dara

Fondúireacht
Sheosaimh
Mhic Dhonncha

Ár gCluichí
- Ár Laochra



Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !

Our Games - Our Heroes - Get support for Our Language!

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle, tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

www.glornangael.ie

Glór
na nGael

GAA



Crosfhocal


TRASNA

1. Dún na nGall (3,8)
5. Iománaí Óg na Bliana 2019 (6)
7. Club TJ Reid (2, 8)
8. Cluiche de chuid CLG (4)
9. Bainisteoir Pheileadóirí Mhaigh Eo (6)
11. Comórtas ardáin ag Scór (9)
12. Contae na gCrann Darach (5)
14. Bainisteoir Iománaithe na Gaillimhe (8)
15. Bainisteoir Iománaithe na hIarmhí (3,7)
16. Contae Anton Sullivan, (4,6)

síos

1. Páirc Baile na Mí, Páirc _____ (9)
2. Captaen Iománaithe Luimnigh, (6)
3. Cluiche de chuid CLG, Liathróid _____ (6)
4. Curaidh Iomána Chúige Uladh 2021 (7,5)
6. Captaen Pheileadóirí Chiarraí (1,4)
10. Iar-Uachtarán CLG as Muineachán (3,7)
13. Club Sheáin Uí MhaOilchiaráin (7,5)

FREAGRAÍ



Biotschomórtas Peile Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha

Tá gné nua curtha ag Glór na nGael le Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha i mbliana, agus blitzchomórtas náisiúnta seachtar an taobh á eagrú trí Ghaeilge don chéad uair riamh!

An phríomhaidhm atá leis an chomórtas ná úsáid na Gaeilge a spreagadh i measc clubanna na fondúireachta, agus an gréasán náisiúnta de chlubanna atá cláraithe leis an scéim a neartú agus a chothú.

Bunaithe in 2017 mar chomhpháirtíocht idir Glór na nGael agus Cumann Lúthchleas Gael, tá Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ar an scéim pobal Gaeilge is mó sa tír, le níos mó ná 200 club cláraithe linn agus infheistíocht bliantúil de os cionn €95,000 déanta i ngníomhaíochtaí Gaeilge sna cumainn. Go dáta tá deontas na fondúireachta tar éis tús a chur le ranganna Gaeilge, grúpaí amhránaíochta, clubanna óige, gréasáin teaghlaigh agus seisiúin traenála trí Ghaeilge i gcumann CLG fud fad na tíre seo. Tugann an blitzchomórtas deis do na clubanna a gcuid láidreachtaí ar an pháirc a thaispeáint, agus

cuid den bheocht agus fuinneamh a bhaineann leis an Fhondúireacht a léiriú don phobal.

Blitzchomórtas do dhaoine fásta atá i gceist. Ceadaítear seachtar an taobh ar an pháirc, ceathrar bean agus triúr fear i gcónaí, agus ceadaítear suas go triúr ionadaí. Leantar rialacha peil na mban agus iarrtar ar rannpháirtithe Gaeilge a labhairt ar an pháirc i gcónaí. Maireann gach cluiche fiche bomaite.

Eagrófar sé bhabhta réigiúnacha le linn mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna, agus rachaidh an chéad dhá fhoireann ó gach babhta réigiúnach ar aghaidh go Cluiche Ceannais na Fondúireachta, a bheidh ar siúl ag Páirc Fhine Ghallainn i Sord Cholmcille, Baile Átha Cliath ar an Satharn, 3 Nollaig.

Seo a leanas na socruithe do na babhtaí réigiúnacha:

Cill Dara	Dé Sathairn 22/10/2022	Fíodh Alúine, Nás na Ríogh
Baile Átha Cliath	Dé Sathairn 29/10/2022	Fine Ghallainn, Sord
Gaillimh	Dé Sathairn 29/10/2022	An Cheathrú Rua
Luimneach	Dé Sathairn 29/10/2022	Mungairit Naomh Póil
Dún na nGall	Mí na Samhna	Dáta agus láthair le cinntiú
Oirthear Uladh	Mí na Samhna	Dáta agus láthair le cinntiú

Beidh fearadh na fáilte romhaibh go léir chuig babhtaí réigiúnacha agus babhtaí ceannais na bliana seo. Táimid ag súil go mbeidh siad ina tús bríomhar le comórtas a rachaidh ó neart go neart sna blianta amach romhainn. Gabhaimid ár mbuíochas leis na clubanna uilig atá ag cur a gcuid áiseanna ar fáil dúinn leis na blitzchomórtais a eagrú, agus leis na clubanna atá ag glacadh páirte linn chomh maith. Táimid ag súil go mór le roinnt seachtainí gnóthacha amach romhainn!

Tuilleadh eolais: clg@glornangael.ie



Freagraí

P. 20

10 X Ceist #GA A gaeilge Oraibh

1. Páirc Seán Mac Diarmada
2. 1
3. Londain
4. An Iarmhí
5. An Clár
6. Gaillimh
7. Áth Cliath
8. Seosamh Mac Donncha
9. Port Láirge
10. Cill Chainnigh

P. 26

Crosfhocal

1	T	Í	R	C	2	H	O	N	A	I	3	L	L			4	S					
	A				A							Á		5	M	U	L	L	E	N		
	I				N		6	O			I						E					
	L				7	N	A	S	E	A	M	R	Ó	G	A							
	T				O		H				H					8	C	O	R	R		
	E				N		E				E						H					
	A					A					9	M	C	S	T	A	Y					
	N		10	M													N					
11	N	U	A	C	H	L	E	A	S								É					
			C											12	D	O	I	R	E			
			T						13	O							L					
		14	S	H	E	F	F	L	I	N							L					
			A						L													
			I				15	J	O	E	F	O	R	T	U	N	E					
			D						Á													
			H						I													
			G						N													
									Á													
									R													
		16	U	Í	B	H	F	H	A	I	L	Í										
										N												
										N												



MÍLE BUÍOCHAS

Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil don eagrán is deireanaí seo de ‘Cuaille’. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.

Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh agus á chur in eagar ag Jamie Ó Tuama.

Deartha ag DBA Publications,
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.



TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN



TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN